

# Cúram Leighis

## Cad í an Scéim um Chúram Leighis?

Má tá tú árachaithe agus má dhéantar díobháil duit ag an obair nó má tholgann tú galar ceirde forordaithe, is féidir go bhfaighidh tú sochair faoin Scéim um Dhíobhálacha Ceirde. Tá an Cúram Leighis ar cheann de na sochair seo.

Ligeann an Scéim um Chúram Leighis duit aisíoc a fháil ar na costais a bhaineann le cúram agus aire leighis nach bhfuil faoi chumhdach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ná faoi Scéim an tSochair Chóireála.

## Conas a cháilítear d'aisíocaí faoin Scéim um Chúram Leighis?

Chun cáiliú d'aisíoc ar chostas leighis:

- níobh fholáir nó gur thionóisc ag an obair ba chúis leis an díobháil a rinneadh duit. Cuirimid san áireamh anseo tionóisc le linn duit a bheith ar thuras gan bhriseadh chun dul chuig an obair nó chun teacht ón obair,  
**nó**
- tá galar ceirde forordaithe tolgtha agat mar thoradh ar an obair. Chun a thuilleadh eolais agus liosta iomlán de na galair cheirde a fháil, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie),  
**agus**
- ní foláir nó go bhfuil ranníocaíochtaí ÁSPC ar Aicme A, B, D, J nó M agat. I dtaca le ranníocaíochtaí ÁSPC ar Aicme B, ní féidir ach costais a thabhaítear níos déanaí ná 26 seachtaine i ndiaidh na tionóisce nó i ndiaidh theacht an ghalair a chumhdach.

### Tábhachtach

Ní gá go dtiocfaidh breoiteacht nó míchumas láithreach as gach tionóisc oibre nó gach galar ceirde. Mura bhfuil tú ar éagumas láithreach ach más mian leat do cheart chun sochair sa todhchaí a chosaint, is cóir duit do thionóisc nó do ghalair a chur in iúl do d'fhostóir. Ní mór duit iarratas a dhéanamh gan mhoill ar dhearbhu gur thionóisc cheirde do thionóisc nó gur ghalair ceirde do ghalair.

Is féidir leat an fhoirm iarratais a fháil ó:

**An Rannóg um Chúram Leighis  
An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Áras Mhic Dhiarmada  
Sráid an Stórais  
Baile Átha Cliath 1**

**Íosghlao: 1890 928 400 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó**

**+353 1 704 3000 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch).**

## Cad iad na costais leighis a bhfaighfear aisíoc ina leith?

Is féidir go bhfaighidh tú aisíoc ar na costais seo a leanas mura bhfuil siad go hiomlán faoi chumhdach Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) ná faoi chumhdach Scéim an tSochair Chóireála againn:

- cuairteanna dochtúra,
- oidis dochtúra, - is cóir éilimh ar chógas a bheith ar fhoirmeacha éilimh oidis amháin, arna n-eisiúint ag an gcógaslann,
- fearais leighis áirithe nó fearais mháinliachta áirithe chomh maith le deisiú agus athsholáthar orthu seo (mar shampla, géaga saorga nó áiseanna éisteachta),
- cóireáil áirithe na bhfiacra agus na súl,
- cóir leighis áirithe arna hordú ag do dhochtúir, agus

Arna eisiúint ag:  
Seirbhísí Eolais  
An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach

- costais taistil áirithe, ach faoi theorainn chostas an iompair phoiblí de ghnáth.

Caithfidh na costais a bheith **réasúnach** agus **riachtanach**. Féadfar billí ospidéil (ospidéil phoiblí) a íoc go díreach leis an ospidéal nó leis an éilitheoir an tuisce a chuirfear cruthúnas íocaíochta (admháil ospidéil) faoinár mbráid.

## Cad iad na costais leighis nach bhfuil inaisíochta faoin Scéim um Chúram Leighis?

Ní chumhdaíonn an cúram leighis an costas a bhaineann le seirbhísí speisialtóra (lena n-áirítear cur san ospidéal go príobháideach, lianna comhairleacha, fisiteiripe, x-ghathanna, scantaí, Íomhánna ÍAM/MRI, seirbhísí saotharlainne, tuairiscí srl.). Ón uair go bhfuil daoine árachaithe i dteideal na rudáí seo faoi na hAchtanna Sláinte agus gur féidir leo leas a bhaint as na cóireálacha seo mar othar cónaitheach i mbarda poiblí nó i rannóg othar seachtrach in ospidéal poiblí, níl siad faoi chumhdach na Scéime um Chúram Leighis.

## Conas a dhéantar iarratas ar an gCúram Leighis?

Líon an fhoirm iarratais **C1** (ar fáil i gcomhair íoslódála anseo) agus cuir í chuig:

### An Rannóg um Chúram Leighis

An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Áras Mhic Dhiarmada  
Sráid an Stórais  
Baile Átha Cliath 1

Íosghlao: 1890 928 400 (ó Phoblacht na hÉireann amháin), nó

+353 1 704 3000 (ó Thuaisceart na hÉireann nó ón gcoigríoch).

Ba chóir go bhfaighfí an fhoirm líonta sa Roinn seo laistigh de 6 seachtaine ó rinneadh do chóir leighis

Chun a thuilleadh eolais a fháil:

- Logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).
- Glaoigh ar an Líne Eolais Íosghlao 1890 66 22 44 nó má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar +353 71 91 93313, le do thoil.
- Buail isteach chuig do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh.

agus chaithfí admhálacha bunaidh a bheith i dteannta na foirme chun tacú le d'éileamh. Ní eiseofar íocaíocht i dtaca le héileamh de bhun admhálacha fótachóipeáilte.

Déan deimhin de go luafaidh tú d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí ar admhálacha ar bith a chuirfidh tú isteach leis an bhfoirm iarratais **C1**.

## Conas a dhéantar an íocaíocht?

Is féidir leat d'aisíoc a fháil trí íocaíocht dhíreach le do chuntas reatha, taisece nó coigiltis in institiúid airgeadais. Is féidir íocaíocht a dhéanamh i ndálaí áirithe trí sheic nó in Oifig an Phoist a roghnaíonn tú.

De ghnáth, ní fhaigheann tú ach íocaíocht amháin ach más cóireáil leanúnach í an chóireáil, féadfaidh tú an íocaíocht a fháil ina gálaí. Is iondúil go dtugaimid íocaíochtaí don duine a dhéanann an t-iarratas, ach is féidir linn iad a íoc le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), nó le fostóir, más gá sin.

## Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh sonraí den Chúram Leighis a fháil, déan teagmháil le do Lárionad Intreo áitiúil, le d'Ionad Faisnéise áitiúil do Shaoránaigh, le d'Oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil nó leis an Rannóg um Chúram Leighis ag an seoladh a luaitear thuas.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaidh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao)**

### Leabhráin áisiúla eile

Sochar Báis	SW 32
Sochar Míthreorach	SW 31
Sochar Díobhála	SW 30
Galair Cheirde Fhorordaithe	SW 33
Sochar Cóireála	SW 24

**Is mar threoir amháin atá an bhileog seo agus ní léirmhíniú dleathach atá inti.**